



*An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht
An Cathaoirleach*

7.6.2021

An tUasal Cristian-Silviu Buşoi

An Cathaoirleach

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

AN BHRUISÉIL

Ábhar: Togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú (2021/0048(NLE))

A Chathaoirligh, a chara,

D'iarr an Chomhairle tuairim ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú (2021/0048(NLE)). Tá do Choiste freagrach as an gcomhad sin sa Pharlaimint. Creideann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht gur togra an-tábhachtach é an togra sin lena mbunaítear na Comhghnóthais. Ar an drochuair, cheal ama, ní rabhamar in ann tuairim iomlán a chur faoi bhráid do Choiste. Dá bhrí sin, i gcomhréir le Riail 56, chinn an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht tuairim i bhfoirm na litreach seo a chur faoi bhráid do Choiste.

Is mian leis an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht na barúlacha seo a leanas a chur in iúl:

- ag meabhrú a thábhachtaí atá na comhpháirtíochtaí Eorpacha ó thaobh cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin a bhaint amach, eadhon dlús a chur leis an aistriú chuig Eoraip atá glas, aeráidneodrach agus digiteach, agus poist á gcruthú agus athléimneacht agus iomaíochas thionscail na hEorpa, a mhéid a bhaineann le fiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe, á neartú san am céanna;
- á thabhairt chun suntais gur cheart go mbeadh treoirlínte oibríochtúla agus sainordaithe ag comhghnóthais chun sineirgí le cláir oibre taighde chomhoibríoch a chur chun feidhme agus gur cheart iad a chistiú le buiséad iomchuí atá oiriúnach dá gcuspóirí;
- ag meabhrú gur cheart comhghnóthais a chur chun feidhme trí úsáid a bhaint as struchtúr agus rialacha lena gcuirtear feabhas ar an éifeachtúlacht agus ar an tsolúbthacht agus lena n-áirithítear uas-simpliú riaracháin do na tairbhíthe agus laghdú ar a n-ualach riaracháin mar aon le trédhearcacht bhuiséadach agus costais níos ísle;

- ag meabhrú a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí Eorpacha ó thaobh forbairt beartais turasóireachta inbhuanaithe de chuid AE a chur chun cinn, ina mbeadh ról ríthábhachtach ag an tsoghluaisteacht agus an nascacht chliste agus inbhuanaithe;
- ag meabhrú a thábhachtaí atá sé féachaint an bhféadfaí comhpháirtíocht Eorpach a chruthú don earnáil mhuirí chun tacú le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin;
- á iarraidh go mbeadh reachtaíocht thánaisteach ann lena dtabharfaí rialacha éifeachtúla agus comhchuibhithe isteach le haghaidh ranníocaíochtaí comhchineáil, meastóireachta agus chun cearta maoinne intleachtúla a chur chun feidhme;
- á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh an **Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan**, a chuirfidh leis an taithí a fuarthas i ndáil leis an gComhghnóthas Spéire Glaine agus Comhghnóthas Spéire Glaine 2, ina dtugtar le chéile níos mó ná 900 rannpháirtí ón tionscal, ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ón taighde agus ón saol acadúil chun na torthaí nuálacha is fearr a bhaint amach; ag meabhrú a thábhachtaí atá sé dlús a chur le forbairt agus imlonnú shlabhra luacha na hEorpa le haghaidh teicneolaíochtaí hidrigine glaine, hibrideacha-leictreacha agus leictreacha, d’fhonn rannchuidiú le córas fuinnimh atá inbhuanaithe, dícharbónaithe agus go hiomlán comhtháite; ag moladh go mbeadh dlúth-chomhoibriú ann idir an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) chun a áirithiú go ndéanfar eolas ar na teicneolaíochtaí nua a forbraíodh a mhalartú go luath; á iarraidh go ndéanfaí ranníocaíocht phoiblí iomchuí a bheadh ar leibhéal na ngealltanais príobháideach;
- á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh **Comhghnóthas Iarnróid na hEorpa**, a chuirfidh leis na torthaí rathúla a bhí ar obair Shift2Rail ó thaobh dlús a chur le forbairt agus imlonnú teicneolaíochtaí nuálacha i seirbhísí paisinéirí, lasta agus idirmhódúil d’fhonn córas iarnróid a chruthú in AE a bheadh níos tarraingtí, níos digití, níos inbhuanaithe agus ar phraghas níos réasúnta; á chur in iúl gur geal léi freisin cur chuige nua ‘Cholún an Chórais’ chun aschur na ngníomhaíochtaí taighde a mhéadú ó thaobh an tionsclaithe agus an chaighdeánaithe de, agus chun dlús a chur leis na buntáistí ar fud an tslabhra luacha iomláin; á chur in iúl gur cheart an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a chur in gearr, rud a chuirfeadh deireadh leis na baic ar an idir-inoibritheacht agus a chuirfeadh réitigh ar fáil le haghaidh comhtháthú iomlán, lena gcumhdófaí bainistiú tráchta, rothra, bonneagar agus seirbhísí, rud a d’fhágfadh go mbeifí ag brath ar theicneolaíochtaí nuálacha na bhfiontar beag agus mór araon;
- á chreidiúint go mbeidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag Comhghnóthas Iarnróid na hEorpa freisin:
 - é a chur ar chumas na hearnála díriú ar choincheap oibríochtúil amháin agus ar struchtúr córais amháin, lena n-áirítear seirbhísí, bloic feidhme, agus comhéadain, arb iad bunús oibríochtaí an chórais iarnróid iad, a shainiú;
 - an creat foriomlán a sholáthar chun freagairt d’éilimh úsáideoirí ar shoghluaisteacht ardcháilíochta agus ó dhoras go doras laistigh de chur chuige comhtháite córais;
 - tacú le himlonnú tapa agus leathan na n-ardchórais bainistithe agus rialaithe tráchta,

trí fheidhmiúlachtaí feabhsaithe agus comhéadain chaighdeánaithe a thairiscint bunaithe ar choincheapa coiteanna oibríochtúla, tríd an aistriú ó chórais oidhreachta a éascú, trí na costais fhoriomlána a laghdú, agus trína gcur in oiriúint do riachtanais na mbealaí éagsúla iarnróid agus do riachtanais córais soghluaisteachta cliste ilmhódaí. Faoi mar a bhí sa chomhpháirtíocht a bhí ann roimhe seo, tá sé ríthábhachtach go mbeadh Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA), arb í an t-údarás córais le haghaidh ERTMS í, rannpháirteach i gComhghnóthas Iarnróid na hEorpa amach anseo.

- á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh **an comhghnóthas ‘Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair 3’**, a chuirfidh leis an taithí a fuarthas i ndáil le Comhghnóthas SESAR agus a leanfaidh dá ról comhordúcháin maidir leis an taighde ar an mbainistíocht aerthráchta san Aontas chun dlús a chur le claochlú digiteach an bhonneagair eitlíochta, agus, chuige sin, a mbeidh ról ríthábhachtach aige freisin i sainiú creata chun aerárthaí gan foireann (U-space) a chomhtháthú go sábháilte agus leas a bhaint astu ar bhealach inbhuanaithe; ag cur béim ar an aidhm atá ann go mbeadh an t-aerspás Eorpach ar an aerspás is sábháilte, is sláine, is éifeachtúla agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol le bheith ag eitilt ann ar fud an domhain, trí bharr feabhais a chur ar na bealaí eitilte agus laghdú foriomlán 10 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí a luaithe is féidir i gcomhréir le spriocanna aeráidneodrachta AE, agus go dtacófaí le hiomaíochas agus téarnamh earnáil eitlíochta na hEorpa tar éis ghéarchéim COVID-19.

Tá súil agam go ndéanfar an t-ionchur seo ó TRAN, a bhfuil tacaíocht faighte aige ó thromlach leathan na ngrúpaí polaitiúla, a chur san áireamh sa Tuarascáil.

Is mise, le meas,

((sínithe)) [Karima Delli]

Cóip: Comhordú Reachtach